



# AG CEILIÚRADH

## Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2021 ar Scoil



Is é téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha i mbliana ná  
**Scoileanna Caitliceacha: Pobail an Chreidimh agus an Teacht Aniar.**

Cónaímid ag am dúshlánach éiginnte, agus is minic a bhíonn ár gcreideamh agus an teacht aniar faoi bhrú. Cuirtear ceisteanna mar 'An mbeidh an seansaol ann a thuilleadh? An mbeimid ábalta saol normalta a chaitheamh arís? Cén pháirt atá ag Dia maidir leis na cúrsaí seo?' Mar fhreagairt ar na ceisteanna seo cuimhnímid ar na scoileanna Caitliceacha a bheith mar phobail ina mbíonn an Creideamh agus an teacht aniar. Iarrtar orainn sa scoil Chaitliceach tacú lena chéile, agus gealltanais an tSoiscéil a chreidiúint. Spreagann an creideamh atá againn i nDia muid, is Eisean a chruthaigh muid mar dhaoine gur féidir linn an grá a bhronnadh agus a fháil chomh maith. Bíonn an grá seo filte suas sa Chreideamh agus is buaine agus is treise é ná víreas ar bith.

Cé gur pobal dá chuid féin é gach scoil Chaitliceach, cothaíonn na scoileanna Caitliceacha ar fad forbairt iomlánaíoch na ndaltaí, tugann aire dá gcuid folláine, agus spreagann iad le grá níos doimhne, níos iomláine a chothú le Dia. Mhúin Íosa dúinn conas aire ghrách a thabhairt don duine eile mar a thug seisean féin dúinne. I rith na seachtaine seo déanfaimid ceiliúradh ar na buanna atá againn maidir le teagasc Chríost a leanúint. Déanfaimid an bealach ina n-iarrtar orainn feidhmiú inár gcuid smaointe, i bhfocail, i ngníomhartha mar phobal an Chreidimh agus an Teacht Aniar a cheiliúradh chomh maith. Nuair a dhéanaimid a leithéid, cónaímid de réir an iomainn álainn: *Ubi caritas et amor, Deus ibi est.*

*Áit ina mbíonn an charthanacht agus an grá, sin an áit ina mbíonn Dia.*

Is iad téamaí an lae ná:



Mar a tharla cheana, baineann acmhainní do na ranganna leis na téamaí laethúla: Naíonáin Shóisearacha & Naíonáin Shinsearacha/Bunscoil 1 agus 2; Rang 1&2/Bunscoil 3&4; Rang 3&4/Bunscoil 5&6; Rang 5&6/Bunscoil 7.

Luaitear na snáitheanna agus na snáithaonaid den *Churaclam Caitliceach an Oideachais Réamhscoile agus Bunscoile in Éirinn* (2015) oiriúnach do na ranganna ag tús an cheachta. Ar an gCéadaoin beidh Lá na Seantuismitheoirí á cheiliúradh. Tugtar moltaí le haghaidh ghníomhaíochtaí an ranga ar an lá sin. Toisc gur bliain gan choinne í seo, agus ag glacadh leis na deacrachtaí atá roimh na scoileanna, moltar an ceiliúradh a dhéanamh ar an mbealach is oiriúnaí agus is so-eagraithe.

Tá seirbhís urnaí oiriúnach don scoil agus don seomra ranga ar fáil, chomh maith le moltaí do cheiliúradh an pharóiste. Is féidir gach acmhainn a íoslódáil ag:

[www.catholicschools.ie](http://www.catholicschools.ie)



# MACHNAMH

## in aghaidh an lae

Is féidir gach machnamh a léamh os ard sa seomra ranga nó chuig pobal iomlán na scoile trí chóras idirchumarsáide na scoile gach aon lá den tseachtain. Léadh daltaí nó ball foirne iad. Is féidir sos ciúin urnaitheach Críostaí a ghlacadh tar éis an machnamh a léamh.



### AN LUAN

Inniu an chéad lá de Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2021. Is é téama an lae inniu ná a bheith mar phobal an Chreidimh. Is éard atá againn ar scoil ná comhlúadar ar leith. Baineann pobal eisceachtúil leis an scoil Chaitliceach – áit ina bhfoghlaímimid mar gheall ar ghrá Dé dúinn, agus an modh ceart maireachtála a mhúin Íosa dúinn. Foghlaimimid conas grá Dé a léiriú don duine eile i bhfocail, i ngníomhartha agus inár gcuid smaointe.

**A Thiarna, cabhraigh linn maireachtáil de réir mar a mhúin tusa dúinn. Guímis le chéile an phaidir a bhronn Íosa orainn: *Ár nAthair ...***



### AN MHÁIRT

Iarrtar orainn inniu breathnú ar an scoil seo againne mar phobal na foghlama. Is féidir go leor a fhoghlaim ar scoil. Foghlaimimid an mata, an Ghaeilge, an eolaíocht, an ceol agus an ealaín. Foghlaimimid an litriú agus na táblaí. Foghlaimimid conas a bheith cairdiúil chomh maith. Conas a bheith cabhrach cneasta. Ba é Riail Óir Íosa é, déileáil leis an duine eile de réir mar ba mhaith leat a dhéileálfáí leat féin. Foghlaimimid inniu conas ár ndícheall a dhéanamh, a bheith lách linn féin agus cneasta leis an duine eile agus leis an saol mórthimpeall orainn.

**A Thiarna, cabhraigh linn maireachtáil de réir mar a mhúin tusa dúinn. Guímis le chéile an phaidir a bhronn Íosa orainn: *Ár nAthair ...***



## AN CHÉADAOIN

Iarrtar orainn inniu breathnú ar phobal na scoile mar phobal an ghrá. Cuimhnímid ar na seantuismitheoirí ach go háirithe. Múineann siad ar bhealach speisialta dúinn conas roinnt lena chéile, a bheith grámhar, agus cúram a dhéanamh dá chéile. Tugann siad léargas ar an am a d'imigh thart dúinn, agus spreagann muid lenár ndícheall a dhéanamh agus obair go crua. Múineann siad na tuairimí seo dúinn ar bhealach grámhar. Tá sé suas chugainne an grá sin a léiriú i bhfocail chneasta, i ngníomhartha lácha agus trínár gcuid tuairimí cineálta, sa scoil Chaitliceach seo againne.

**A Thiarna, cabhraigh linn maireachtáil de réir mar a mhúin tusa dúinn. Guímis le chéile an phaidir a bhronn Íosa orainn: *Ár nAthair ...***



## AN DÉARDAOIN

Iarrtar orainn inniu breathnú ar an scoil seo againne mar áit ina mbíonn an Teacht Aniar le sonrú ann. Ciallaíonn sé seo go gcuirimid chuige ag gníomhú go deimhneach in aghaidh na ndeacrachtaí agus na mbac a chuirtear romhainn. Tarlaíonn go mbímid brónach agus thíos leis ar uairibh. Ba mhaith leis an bpobal sa scoil Chaitliceach seo go mothóimis slán agus sona i gcónaí. Ba mhaith le Dia go mbeimis sona slán. Is féidir linn ár gcuid fadhbanna a roinnt le Dia, agus guí chuige. Tá bealaí ann ina bhféadfaimis foghlaim conas aire a thabhairt do na fadhbanna sin, ionas go mothóimis níos fearr dá bharr. Ní bheidh tú i d'aonair riamh sa scoil seo, tabharfaimid aire i gcónaí duit.

**A Thiarna, cabhraigh linn maireachtáil de réir mar a mhúin tusa dúinn. Guímis le chéile an phaidir a bhronn Íosa orainn: *Ár nAthair ...***



## AN AOINE

Tá Seachtain na Scoileanna Caitliceacha ag druidim chun deiridh agus iarrtar orainn smaoineamh ar an scoil seo againne mar Phobal an Dóchais. Is de chlann Dé sinne ar fad, agus iarrtar orainn maireachtáil de réir thola Íosa. Leanfaimid orainn i mblíana ag iarraidh an scoil seo a dhéanamh mar áit ghrámhar ina dtugtar aire shlán do chách, ina gcuirtear fáilte roimh chách. Creidimid go dóchasach sa tslí mhaireachtála a léirigh Íosa dúinn agus ba mhaith linn go mbeadh gach aon duine faoi choimirce ghrámhar Dé amach anseo. Is féidir é sin a léiriú i bhfocail chneasta, i ngníomhartha lácha agus trínár gcuid tuairimí cineálta.

**A Thiarna, cabhraigh linn maireachtáil de réir mar a mhúin tusa dúinn. Guímis le chéile an phaidir a bhronn Íosa orainn: *Ár nAthair ...***